



Údarás na  
Gaeltachta

## Oifigeach Taighde Post ar Chonradh

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh bliana do dhuine cumasach ag an Rannóg Taighde agus Forbairt Earnálacha do dhuine leis na cáilíochtaí agus taithí cuí chun clár taighde a thionscnaimh agus a reáchtáil mar chuid de fheidhmiú Plean Gníomhaíochtaí Uíbh Ráthaigh.

Tá clár taighde le tionscnaimh i dtaca le baint amach príomh ghníomhaíochta an phlean. Tá Tuairisc agus Plean Gníomhaíochta Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh 2019-2022 ar fáil ar <http://www.udaras.ie/en/nuacht/mapa-bothair-dathbheochan-ghaeltacht-uibh-rathach/>

Beifear ag súil go mbeidh an té a cheapfar cumasach agus muiníneach agus go mbeidh sé/sí in ann a léiriú go bhfuil scileanna maithe taighde aige/aici agus gur féidir leis/léi oibriú go héifeachtach le daoine eile.

Beidh na tréithe/na scileanna seo a leanas ag an té a cheapfar sa phost:

- Céim ábhartha (leibhéal a 8) de réir an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí, in earnáil cosúil le Tíreolaíocht, Gnó, Eacnamaíocht, Pleanáil, Staitisticí ó Institiúid Trú Leibhéal aitheanta.
- Scileanna láidir anailíseacha agus uimhearthachta agus réiteach tuairiscí.
- Scileanna ábhartha ríomhaireachta ar leibhéal ard, go háirithe Microsoft Excel, Word & PowerPoint, pacáistí anailíseacha staitistiúil, CFG srl..
- Sár scileanna eagrúchán, le béim faoi leith ar chruinneas.
- Sár scileanna idirphearsanta agus cumarsáide.
- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa.
- Ceadúnas Tiomána iomlán

### Dualgais:

Beidh an té a cheapfar freagrach as clár taighde a dhearadh agus a fheidhmiú i réimsí na forbartha shóisialta, eacnamaíochta agus forbartha pobail. Beidh feidhmiú an chláir taighde seo lárnach d'fheidhmiú an Phlean Gníomhaíochta mar atá aontaithe. Beidh an clár taighde ag tógáil ar fhoinsí eolais agus faisnéise de chuid an stáit agus beidh eolas agus faisnéis nua le bailiú freisin. Bainfear úsáid as torthaí an taighde seo i gcur i bhfeidhm na haidhmeanna forbartha atá leagtha síos sa Phlean Gníomhaíochta Plean Uíbh Ráthaigh.

Tá tuarastal €39,192 ag dul leis an bpost ag brath ar thaithí/cháilíochtaí. Beidh an té a cheapfar lonnaithe @Gteic Uíbh Ráthaigh, Baile 'n Sceilg, i gCiarraí Theas. Is ar bhonn chianoibre a bheidh feidhmiú an phoist go gearr théarmach.

Seol iarratas, mar aon le CV i nGaeilge, roimh an 4in Luan 19ú Lúnasa 2022 chuig [foluntais@udaras.ie](mailto:foluntais@udaras.ie)

*Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta  
agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.*